



2024/1653

7.6.2024

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/1653 ÓN gCOIMISIÚN

an 4 Meitheamh 2024

lena ndeonaítear údarú Aontais le haghaidh na fine táirgí bithicéideacha ‘Thonhauser PAA’ i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir le táirgí bithicéideacha a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 44(5), an chéad fhomhír, de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) An 27 Meán Fómhair 2017 chuir THONHAUSER GmbH iarratas faoi bhráid na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán (‘an Ghníomhaireacht’) i gcomhréir le hAirteagal 43(1) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 agus le hAirteagal 4 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 414/2013 ón gCoimisiún ⁽²⁾ i ndáil leis an bhfine chéanna táirgí bithicéideacha a údarú, dá dtagraítear in Airteagal 1 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 414/2013, ar a dtugtar ‘Thonhauser PAA’, de chineálacha táirgí 2, 3 agus 4, mar a thuairiscítear in larscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012. Rinneadh taifead den iarratas faoi chás-uimhir BC-CN034171-51 sa Chlár do Tháirgí Bithicéideacha (‘an Clár’). Léirigh an t-iarratas freisin uimhir iarratais na fine táirgí bithicéideacha tagartha gaolmhaire ‘Airedale PAA product family’ a údaraíodh ina dhiaidh sin le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1200 ón gCoimisiún ⁽³⁾ agus atá taifeadta sa Chlár faoi chás-uimhir BC-EW057176-14.
- (2) Is é aigéad sáraicéiteach an tsubstaint ghníomhach atá san fhine chéanna táirgí bithicéideacha ‘Thonhauser PAA’, ar substaint é a áirítear sa liosta Aontais de shubstaintí ghníomhacha formheasta dá dtagraítear in Airteagal 9(2) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 i gcás chineálacha táirgí 2, 3 agus 4.
- (3) An 14 Deireadh Fómhair 2022 chuir an Gníomhaireacht tuairim uaithi ⁽⁴⁾ faoi bhráid an Choimisiúin mar aon leis an dréacht-achomre ar shaintréithe an táirge bithicéidigh atá ag ‘Thonhauser PAA’ i gcomhréir le hAirteagal 6(1) agus (2) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 414/2013.
- (4) Sa tuairim uaithi, tháinig an Gníomhaireacht ar an gconclúid nach bhfuil sna difríochtaí atá beartaithe idir ‘Thonhauser PAA’ agus an fhine táirgí bithicéideacha ‘Airedale PAA product family’ ach faisnéis a d’fhéadfadh a bheith faoi réir athrú riaracháin i gcomhréir le hAirteagal 11 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 354/2013 ón gCoimisiún ⁽⁵⁾, agus ar bhonn an mheasúnaithe ar an bhfine táirgí bithicéideacha tagartha ghaolmhar ‘Airedale PAA product family’ agus faoi réir chomhlíonadh an dréacht-achomre ar shaintréithe an táirge bithicéidigh, go gcomhlíonann ‘Thonhauser PAA’ na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 19(1) agus (6) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012.

⁽¹⁾ IO L 167, 27.6.2012, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2012/528/oj>.

⁽²⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 414/2013 ón gCoimisiún an 6 Bealtaine 2013 lena sonraítear nós imeachta maidir le húdarú na dtáirgí bithicéideacha céanna i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 125, 7.5.2013, lch. 4, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2013/414/oj).

⁽³⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1200 ón gCoimisiún an 21 Meitheamh 2023 lena ndeonaítear údarú Aontais le haghaidh na fine táirgí bithicéideacha ‘Airedale PAA product family’ i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 159, 22.6.2023, lch. 3, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2023/1200/oj).

⁽⁴⁾ Tuairim ó ECHA an 14.10.2022 maidir leis an údarú Aontais le haghaidh na fine céanna táirgí bithicéideacha ‘Thonhauser PAA’, Uimhir tuairime UBP-C-1616217-22-00/F, <https://echa.europa.eu/opinions-on-union-authorisation>.

⁽⁵⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 354/2013 ón gCoimisiún an 18 Aibreán 2013 maidir le hathruithe ar tháirgí bithicéideacha arna n-údarú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 109, 19.4.2013, lch. 4, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2013/354/oj).

- (5) An 21 Nollaig 2023 sheol an Gníomhaireacht an dréacht-achóimre ar shaintréithe an táirge bhithicídigh le haghaidh 'Thonhauser PAA', i dteangacha oifigiúla uile an Aontais, chuig an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 44(4) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 agus ar bhonn na hachóimre ar shaintréithe an táirge bhithicídigh i gcás na fine táirgí bithicídeacha tagartha gaolmhaire 'Airedale PAA product family'.
- (6) Comhaontaíonn an Coimisiún leis an tuairim ón nGníomhaireacht agus measann sé, dá bhrí sin, gurb iomchuí údarú Aontais a dheonú le haghaidh na fine céanna táirgí bithicídeacha 'Thonhauser PA'.
- (7) Tá dáta éaga an údaráithe seo ailínithe le dáta éaga údarú na fine táirgí bithicídeacha tagartha gaolmhaire 'Airedale PAA product family'.
- (8) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuainchoiste um Tháirgí Bithicídeacha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Deonaítear údarú Aontais ag a bhfuil an uimhir údaráithe EU-0029721-0000 do THONHAUSER GmbH chun an fhine táirgí bithicídeacha 'Thonhauser PAA' a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid i gcomhréir leis an achóimre ar shaintréithe an táirge bhithicídigh a leagtar amach san Iarscríbhinn.

Tá an t-údarú Aontais bailí ón 27 Meitheamh 2024 go dtí an 30 Meitheamh 2033.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 4 Meitheamh 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

ACHOIMRE AR SHAINTRÉITHE AN TÁIRGE LE hAGHAIDH TACAR TÁIRGÍ BITHICÍDEACHA

Thonhauser PAA

Cineál nó cineálacha táirge

PT02: Dífhabhtáin agus ailgicídí nach bhfuil beartaithe le húsáid go díreach ar dhaoine ná ar ainmhithe

PT04: Limistéar bia agus beatha

PT03: Sláinteachas tréidliachta

Uimhir an údaráithe: EU-0029721-0000

Uimhir sócmhainne R4BP: EU-0029721-0000

CUID I

AN CHÉAD LEIBHÉAL FAISNÉISE

Caibidil 1. FAISNÉIS RIARACHÁIN

1.1. Ainm an tacair

Ainm	Thonhauser PAA
------	----------------

1.2. Cineál nó cineálacha táirge

Cineál nó cineálacha táirge	PT02: Dífhabhtáin agus ailgicídí nach bhfuil beartaithe le húsáid go díreach ar dhaoine ná ar ainmhithe PT04: Limistéar bia agus beatha PT03: Sláinteachas tréidliachta
-----------------------------	---

1.3. Sealbhóir an údaráithe

Ainm agus seoladh shealbhóir an údaráithe	Ainm	THONHAUSER GmbH
	Seoladh	Perlhofgasse 2/1 A – 2372 Vienna AT
Uimhir an údaráithe	EU-0029721-0000	
Uimhir sócmhainne R4BP	EU-0029721-0000	
Dáta an údaráithe	27 Meitheamh 2024	
Dáta éaga an údaráithe	30 Meitheamh 2033	

1.4. Monaróir/monaróirí an táirge

Ainm an mhonaróra	Airedale Chemical Company Ltd
Seoladh an mhonaróra	Airedale Mills, Skipton Road, Cross Hills BD20 7BX Keighley Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann
Suíomh na láithreán monaraíochta	Airedale Mills, Skipton Road, Cross Hills BD20 7BX Keighley Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann

1.5. Monaróir/monaróirí na substainte gníomhaí nó na substaintí gníomhacha

Substaint ghníomhach	Aigéad sáraicéiteach
Ainm an mhonaróra	Airedale Chemical Company Ltd
Seoladh an mhonaróra	Airedale Mills, Skipton Road, Cross Hills BD20 7BX Keighley Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann
Suíomh na láithreán monaraíochta	Airedale Mills, Skipton Road, Cross Hills BD20 7BX Keighley Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann

Caibidil 2. COMHDHÉANAMH AGUS FOIRMLIÚ AN TACAIR TÁIRGÍ

2.1. Faisnéis cháilíochtúil agus chainníochtúil faoi chomhdhéanamh an tacair

Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir CE	Cion (%)
Aigéad sáraicéiteach		substaint ghníomhach	79-21-0	201-186-8	1,74 - 15,9 % (w/w)
sárocsaíd hidrigine	Hydrogen Peroxide	Substaint neamhghníomhach	7722-84-1	231-765-0	8,1 - 25,97 % (w/w)
Aigéad aicéiteach	Acetic Acid	Substaint neamhghníomhach	64-19-7	200-580-7	7,7 - 15,9 % (w/w)
HEDP	etidronic acid	Substaint neamhghníomhach	2809-21-4	220-552-8	0,99 - 1,2 % (w/w)

2.2. Cineál/cineálacha foirmlithe

Cineál nó cineálacha foirmlithe	SL Tiúchán intuaslagtha
---------------------------------	-------------------------

CUID II

AN DARA LEIBHÉAL FAISNÉISE MEITEA – SPC(ANNA)

Caibidil 1. MEITEA-SPC 1 FAISNÉIS RIARACHÁIN

1.1. MEITEA-SPC 1 aitheantóir

Aitheantóir	Meta SPC: Peracetic Acid 2%
-------------	-----------------------------

1.2. Iarmhír na huimhreach údaráithe

Uimhir	1-1
--------	-----

1.3. Cineál nó cineálacha táirge

Cineál nó cineálacha táirge	PT02: Dífhabhtáin agus ailgicídí nach bhfuil beartaithe le húsáid go díreach ar dhaoine ná ar ainmhithe PT04: Limistéar bia agus beatha
-----------------------------	--

Caibidil 2. COMHDHÉANAMH META SPC 1

2.1. Faisnéis cháilíochtúil agus chainníochtúil faoi chomhdhéanamh meitea-SPC 1

Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir CE	Cion (%)
Aigéad sáraicéiteach		substaint ghníomhach	79-21-0	201-186-8	1,74 - 2,36 % (w/w)
sárocsaíd hidrigine	Hydrogen Peroxide	Substaint neamhghníomhach	7722-84-1	231-765-0	8,1 - 9,9 % (w/w)
Aigéad aicéiteach	Acetic Acid	Substaint neamhghníomhach	64-19-7	200-580-7	14,1 - 15,9 % (w/w)
HEDP	etidronic acid	Substaint neamhghníomhach	2809-21-4	220-552-8	0,99 - 1,2 % (w/w)

2.2. Cineál/cineálacha foirmlithe meitea-SPC 1

Cineál nó cineálacha foirmlithe	SL Tiúchán intuaslagtha
---------------------------------	-------------------------

Caibidil 3. RÁITIS GHUAISE AGUS RÉAMHCHÚRAIM MEITEA-SPC 1

Ráitis ghuaise	H272: D'fhéadfadh sé cur le tine; ocsaídeoir. H290: D'fhéadfadh sé a bheith creimneach do mhiotail. H314: Ina chúis le dónna tromchúiseacha craicinn agus le damáiste don tsúil. H302: Díobhálach má shlogtar é. H411: Tocsaineach don saol uisceach, le héifeachtaí fadtréimhseacha. EUH071: Creimneach don chonair riospráide.
Ráitis réamhchúraim	P210: Coimeád amach ó theas, dromchlaí te, spréacha, lasracha oscailte agus foinsí adhainte eile. Ná caítear tobac. P220: Coimeád amach ó éadaí nó ábhair indóite eile. P234: Coimeád i bpacáistiú bunaidh amháin. P260: Ná hanálaigh gala. P260: Ná hanálaigh sprae. P264: Nigh craiceann nochta go lánchúramach tar éis láimhsithe. P271: Úsáid amuigh faoin aer nó i limistéar dea-aerálaithe amháin. P273: Ná scaoiltear amach sa chomhshaol. P280: Caith lámhainní cosanta. P280: Caith éadaí cosanta. P280: Caith súilchosaint. P280: Caith aghaidhchosaint. P301+P330+P331: MÁ SHLOGTAR É: sruthlaítear an béal. NÁ spreagtar urlacan.

	P303+P361+P353: I gCÁS TEAGMHÁIL LEIS AN gCRAICEANN (nó le gruaig): Bain díot láithreach na héadaí éillithe go léir. Sruthlaítear an craiceann le huisce [nó glac cithfholcadh]. P303+P361+P353: I gCÁS TEAGMHÁIL LEIS AN gCRAICEANN (nó le gruaig): Bain díot láithreach na héadaí éillithe go léir. Sruthlaítear an craiceann le huisce [nó glac cithfholcadh]. P305+P351+P338: I gCÁS TEAGMHÁIL LEIS NA SÚILE: Sruthlaítear go faichilleach le huisce ar feadh roinnt nóiméad. Bain amach lionsaí tadhaill, má tá siad á gcaitheamh agus más féidir iad a bhaint amach go héasca. Lean leis an sruthlú. P310: Cuir glao láithreach ar IONAD NIMHIÚCHÁIN. P310: Cuir glao láithreach ar dochtúir. P363: Nigh éadaí éillithe sula ndéanfar iad a athúsáid. P391: Bailigh doirteadh. P403+P233: Stóráil in áit dhea-aeráilte. Coimeád an coimeádán dúnta go docht. P501: Diúscair ábhar i pointe bailithe dramhaíola guaisí ceadúnaithe. P501: Diúscair coimeádán i pointe bailithe dramhaíola guaisí ceadúnaithe.
--	--

Caibidil 4. ÚSÁID/ÚSÁIDÍ ÚDARAITHE MEITEA-SPC

4.1. Tuairisc úsáide 1

Tábla 1

Glanadh san Ionad (CIP) lena n-áirítear an tionscal na cógaisíochta agus na cosmaide

An cineál táirge	PT02: Dífhabh táin agus ailgicídí nach bhfuil beartaithe le húsáid go díreach ar dhaoine ná ar ainmhithe
Igcás inarb ábhartha, tuairisc bheacht ar an úsáid údaráithe	–
Spriocorgánach (nó spriocorgánaigh) (lena n-áirítear céim na forbartha)	Ainm eolaíoch: eile: – Gnáthainm: eile: Baictéir Céim na forbartha: eile: – Ainm eolaíoch: eile: – Gnáthainm: eile: Giostaí Céim na forbartha: eile: – Ainm eolaíoch: eile: – Gnáthainm: fungi Céim na forbartha: eile: – Ainm eolaíoch: eile: – Gnáthainm: eile: Víris Céim na forbartha: eile: –

Réimse (nó réimsí) úsáide	úsáid laistigh Ginearálta (lena n-áirítear tionscal na cógaisíochta agus na cosmaide). Dromchlaí crua neamh-scagacha a dhíghalrú trí ghnásanna CIP (le himshruthú an tuaslagáin táirge sa chóras táirgthe)
Modh (nó modhanna) úsáide	Airí modha: eile: CIP – Dáileadh láimhe nó uathobrithe Tuairisc mhionsonraithe ar an airí: Ní mór an táirge caolaithe a aistriú go trealamh chun a bheith díghalraithe trí dháileog láimhe nó uathobrithe.Tá sruthlú deiridh (le huisce inólta) sainordaitheach: tár éis an ghnáis dífhabhaithe, ní mór dromchlaí cóireáilte a shruthlú le huisce agus ní mór an t-uisce a thriomú sa chóras séarachais.
Ráta (nó rátaí) agus minicíocht feidhmithe	Ráta úsáide: Ag teocht an tseomra, in am teagmhála de 15 nóiméad • Gníomhach in aghaidh baictéir agus giostaí : 0,02 % aigéid sáraicéitigh (m.sh. 1 % táirge le 2 % aigéid sáraicéitigh .i. 10 ml táirge/lítear) • Gníomhach in aghaidh bactéir, giostaí agus fungas : 0,1 % aigéid sáraicéitigh (m.sh. 5 % táirge le 2 % aigéid sáraicéitigh .i. 50 ml táirge/ lítear) • Gníomhach in aghaidh bactéir, giostaí, fungas agus víreas : 0,15 % aigéid sáraicéitigh (m.sh. 7,5 % táirge le 2 % aigéid sáraicéitigh .i. 75 ml táirge/lítear). Ní mór na treoracha caolaithe idir lúibíní a athrú nuair ag úsáid táirge le tiúchan éagsúil aigéid sáraicéiteach (PAA). Caolú (%): 2-7,5 % Airí uainithe: 1-2 úsáid in aghaidh an lae.
Catagóir (nó catagóirí) úsáideoirí	tionsclaíoch; gairmiúil
Méideanna paca agus ábhar pacáistíochta	Buidéal/buicéad poileitiléine ard-dlúis (PEAD) le caipín scriú PEAD: 5 lítear, 25 lítear, 30 lítear Druma PEAD le claibín polapróipiléin (PP): 200 lítear Coimeádán idirmheánach builc (BCI) PEAD le caipín scriú PEAD: 1 000 lítear

- 4.1.1.

Treoracha úsáidsonracha úsáide
- Féach ar threoirlínte ginearálta úsáide
- 4.1.2.

Bearta úsáidsonracha maolaithe riosca
- Féach ar threoirlínte ginearálta úsáide
- 4.1.3.

I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúlá, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint
- Féach ar threoirlínte ginearálta úsáide
- 4.1.4.

I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, na treoracha chun an táirge agus a phacáistíú a dhiúscairt go sábháilte
- Féach ar threoirlínte ginearálta úsáide
- 4.1.5.

I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála
- Féach ar threoirlínte ginearálta úsáide

4.2. **Tuairisc úsáide 2**

Tábla 2

Dromchla díghalraithe trí spraeáil nó dhoirteadh (glanadh le haghaidh dáilte aonchineálaigh ina dhiaidh sin) lena n-áirítear i dtionscail na cógaisíochta agus na cosmaide

An cineál táirge	PT02: Dífhabhtáin agus ailgicídí nach bhfuil beartaithe le húsáid go díreach ar dhaoine ná ar ainmhithe
I gcás inarb ábhartha, tuairisc bheacht ar an úsáid údaraithe	–
Spriocorgánach (nó spriocorgánaigh) (lena n-áirítear céim na forbartha)	Ainm eolaíoch: eile: – Gnáthainm: eile: Baictéir Céim na forbartha: eile: – Ainm eolaíoch: eile: – Gnáthainm: eile: Giostaí Céim na forbartha: eile: – Ainm eolaíoch: eile: – Gnáthainm: fungi Céim na forbartha: eile: – Ainm eolaíoch: eile: – Gnáthainm: eile: Víris Céim na forbartha: eile: –
Réimse (nó réimsí) úsáide	úsáid laistigh Ginearálta (lena n-áirítear tionscal na cógaisíochta agus na cosmaide). Díghalrú de dhromchlaí chrua/neamhphóiriúla trí spraeáil nó dhoirteadh.
Modh (nó modhanna) úsáide	Airí modha: eile: Spraeáil nó doirteadh (glanadh le haghaidh dáilte aonchineálaigh ina dhiaidh sin) Tuairisc mhionsonraithe ar an airí: Cuirfear an táirge caolaithe isteach i mbuidéal sprae truíceartha agus spraeálfar nó doirtfear é ar an dtrealamh nó ar an dromchla atá le díghalrú (glanadh le haghaidh dáilte aonchineálaigh ina dhiaidh sin).
Ráta (nó rátaí) agus minicíocht feidhmithe	Ráta úsáide: Ag teocht an tseomra, in am teagmhála de 15 nóiméad. • Gníomhach in aghaidh bactéir, giostaí, fungas agus víreas : 0,15 % aigéid sáraicéitigh (m.sh. 7,5 % táirge le 2 % aigéid sáraicéitigh .i. 75 ml táirge/lítear). Ní mór na treoracha caolaithe idir lúibíní a athrú nuair ag úsáid táirge le tiúchan éagsúil aigéid sáraicéiteach (PAA). Caolú (%): 7,5 % Airí uainithe: 1-2 úsáid in aghaidh an lae.
Catagóir (nó catagóirí) úsáideoirí	tionsclaíoch; gairmiúil
Méideanna paca agus ábhar pacáistíochta	Buidéal/buicéad PEAD le caipín scriú PEAD: 5 lítear, 25 lítear, 30 lítear Druma PEAD le claibín PP: 200 lítear BCI PEAD le caipín scriú PEAD: 1 000 lítear

4.2.1. *Treoracha úsáidsonracha úsáide*

Féach ar threoirlínte ginearálta úsáide

4.2.2. *Bearta úsáidsonracha maolaithe riosca*

Féach ar threoirlínte ginearálta úsáide

4.2.3. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint*

Féach ar threoirlínte ginearálta úsáide

4.2.4. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, na treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte*

Féach ar threoirlínte ginearálta úsáide

4.2.5. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála*

Féach ar threoirlínte ginearálta úsáide

4.3. **Tuairisc úsáide 3**

Tábla 3

Díghalrú de dhromchlaí inmheánacha (m.sh. umair, píopaí, soithí, meaisíní lionta) le CIP i dtionscal an bhia agus na beatha

An cineál táirge	PT04: Limistéar bia agus beatha
I gcás inarb ábhartha, tuairisc bheacht ar an úsáid údaráithe	–
Spriocorgánach (nó spriocorgánaigh) (lena n-áirítear céim na forbartha)	Ainm eolaíoch: eile: – Gnáthainm: eile: Baictéir Céim na forbartha: eile: – Ainm eolaíoch: eile: – Gnáthainm: eile: Giostaí Céim na forbartha: eile: – Ainm eolaíoch: eile: – Gnáthainm: fungi Céim na forbartha: eile: – Ainm eolaíoch: eile: – Gnáthainm: eile: Víris Céim na forbartha: eile: –
Réimse (nó réimsí) úsáide	úsáid laistigh I dtionscal an bhia agus na beatha lena n-áirítear tionscal na déiríochta, na grúdlainne, na dí agus na deochanna boga, tionscail na próiseála bia agus na feola (seachas i seamlais agus próisis eile le fuil). Díghalrú de dhromchlaí chrua agus neamhphóiriúla le nósanna imeachta CIP (le cúrsaíocht).

Modh (nó modhanna) úsáide	Airí modha: eile: Dáileog láimhe nó uathdháileog Tuairisc mhionsonraithe ar an airí: Ní mór an táirge caolaithe a aistriú go trealamh chun a bheith díghalraithe trí dháileog láimhe nó uathoibrithe.Le húsáidí i dtionscail na déiríochta, tá an glanadh roimh an nós imeachta díghalraithe éigeantach.Le haghaidh tionscal ar fad, tá sruthlú deiridh (le huisce inólta) sainordaitheach: i ndiaidh an nós imeachta díghalraithe, sruthlaítear dromchlaí le huisce agus triomaítear an t-usice sa chóras séarachais.
Ráta (nó rátaí) agus minicíocht feidhmithe	Ráta úsáide: Ag teocht an tseomra, in am teagmhála de 15 nóiméad • Gníomhach in aghaidh baictéir agus giostaí : 0,02 % aigéid sáraicéitigh (m.sh. 1 % táirge le 2 % aigéid sáraicéitigh .i. 10 ml táirge/lítear) • Gníomhach in aghaidh bactéir, giostaí agus fungus : 0,1 % aigéid sáraicéitigh (m.sh. 5 % táirge le 2 % aigéid sáraicéitigh .i. 50 ml táirge/lítear) • Gníomhach in aghaidh bactéir, giostaí, fungus agus víreas : 0,15 % aigéid sáraicéitigh (m.sh. 7,5 % táirge le 2% aigéid sáraicéitigh .i. 75 ml táirge/lítear). Ní mór na treoracha caolaithe idir lúibíní a athrú nuair ag úsáid táirge le tiúchan éagsúil aigéid sáraicéiteach (PAA). Caolú (%): 1-7,5 % Airí uainithe: 1-2 úsáid in aghaidh an lae.
Catagóir (nó catagóirí) úsáideoirí	tionsclaíoch; gairmiúil
Méideanna paca agus ábhar pacáistíochta	Buidéal/buicéad PEAD le caipín scriú PEAD: 5 lítear, 25 lítear, 30 lítear Druma PEAD le claibín PP: 200 lítear BCI PEAD le caipín scriú PEAD: 1 000 lítear

4.3.1. *Treoracha úsáidsonracha úsáide*

Féach ar threoirlínte ginearálta úsáide

4.3.2. *Bearta úsáidsonracha maolaithe riosca*

Féach ar threoirlínte ginearálta úsáide

4.3.3. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint*

Féach ar threoirlínte ginearálta úsáide

4.3.4. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, na treoracha chun an táirge agus a phacáistíú a dhiúscairt go sábháilte*

Féach ar threoirlínte ginearálta úsáide

4.3.5. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála*

Féach ar threoirlínte ginearálta úsáide

4.4. **Tuairisc úsáide 4**

Tábla 4

Dromchla díghalraithe trí spraeáil nó trí dhoirteadh (glanadh le haghaidh dáilte aonchineálaigh ina dhiaidh sin) i dtionscal an bhia agus na beatha

An cineál táirge	PT04: Limistéar bia agus beatha
I gcás inarb ábhartha, tuairisc bheacht ar an úsáid údaráithe	–
Spriocorgánach (nó spriocorgánaigh) (lena n-áirítear céim na forbartha)	Ainm eolaíoch: eile: – Gnáthainm: eile: Baictéir Céim na forbartha: eile: – Ainm eolaíoch: eile: – Gnáthainm: eile: Giostaí Céim na forbartha: eile: – Ainm eolaíoch: eile: – Gnáthainm: fungi Céim na forbartha: eile: – Ainm eolaíoch: eile: – Gnáthainm: eile: Víris Céim na forbartha: eile: –
Réimse (nó réimsí) úsáide	úsáid laistigh I dtionscal an bhia agus na beatha lena n-áirítear tionscal na déiríochta, na grúdlainne, na dí agus na deochanna boga, tionscail na próiseála bia agus na feola (seachas i seamlais agus próisis eile le fuil). Díghalrú de dhromchlaí chrua agus neamhphóiriúla trí spraeáil nó dhoirteadh.
Modh (nó modhanna) úsáide	Airí modha: eile: Spraeáil nó doirteadh (glanadh le haghaidh dáilte aonchineálaigh ina dhiaidh sin) Tuairisc mhionsonraithe ar an airí: Cuirfear an táirge caolaithe isteach i mbuidéal sprae truíceartha agus spraeálfar nó doirtfear é ar an dtrealamh nó ar an dromchla atá le díghalrú (glanadh le haghaidh dáilte aonchineálaigh ina dhiaidh sin). Le húsáidí i dtionscail na déiríochta, tá an glanadh roimh an nós imeachta díghalraithe éigeantach.
Ráta (nó rátaí) agus minicíocht feidhmithe	Ráta úsáide: Ag teocht an tseomra, in am teagmhála de 15 nóiméad. • Gníomhach in aghaidh bactéir, giostaí, fungas agus víreas : 0,15 % aigéid sáraicéitigh (m.sh. 7,5 % táirge le 2 % aigéid sáraicéitigh .i. 75 ml táirge/lítear). Ní mór na treoracha caolaithe idir lúibíní a athrú nuair ag úsáid táirge le tiúchan éagsúil aigéid sáraicéiteach (PAA). Caolú (%): 7,5 % Airí uainithe: 1-2 úsáid in aghaidh an lae.
Catagóir (nó catagóirí) úsáideoirí	tionsclaíoch ; gairmiúil
Méideanna paca agus ábhar pacáistíochta	Buidéal/buicéad PEAD le caipín scriú PEAD: 5 lítear, 25 lítear, 30 lítear Druma PEAD le claibín PP: 200 lítear BCI PEAD le caipín scriú PEAD: 1 000 lítear

4.4.1. Treoracha úsáidsonracha úsáide

Féach ar threoirlínte ginearálta úsáide

4.4.2. Bearta úsáidsonracha maolaithe riosca

Féach ar threoirlínte ginearálta úsáide

4.4.3. I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint

Féach ar threoirlínte ginearálta úsáide

4.4.4. I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, na treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte

Féach ar threoirlínte ginearálta úsáide

4.4.5. I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála

Féach ar threoirlínte ginearálta úsáide

4.5. Tuairisc úsáide 5

Tábla 5

Díghalrú trí thumadh i dtionscal an bhia agus na beatha

An cineál táirge	PT04: Limistéar bia agus beatha
I gcás inarb ábhartha, tuairisc bheacht ar an úsáid údaráithe	–
Spriocorgánach (nó spriocorgánaigh) (lena n-áirítear céim na forbartha)	Ainm eolaíoch: eile: – Gnáthainm: eile: Baictéir Céim na forbartha: eile: – Ainm eolaíoch: eile: – Gnáthainm: eile: Giostaí Céim na forbartha: eile: – Ainm eolaíoch: eile: – Gnáthainm: fungi Céim na forbartha: eile: – Ainm eolaíoch: eile: – Gnáthainm: eile: Víris Céim na forbartha: eile: –
Réimse (nó réimsí) úsáide	úsáid laistigh I dtionscal an bhia agus na beatha lena n-áirítear tionscal na déiríochta, na grúdlainne, na dí agus na deochanna boga, tionscail na próiseála bia agus na feola (seachas i seamlais agus próisis eile le fuil). Díghalrú de threalamh (dromchlaí chrúa agus neamh-phóiriúla) trí thumadh.
Modh (nó modhanna) úsáide	Airí modha: eile: Tumadh Tuairisc mhionsonraithe ar an airí: Ní mór an trealamh atá le díghalrú a chur i bhfolcadán tumtha.Le húsáidí i dtionscail na déiríochta, tá an glanadh roimh an nós imeachta díghalraithe éigeantach.

Ráta (nó rátaí) agus minicíocht feidhmithe	Ráta úsáide: Ag teocht an tseomra, in am teagmhála de 15 nóiméad. • Gníomhach in aghaidh bactéir, giostaí, fungus agus víreas : 0,15 % aigéid sáraicéitigh (m.sh. 7,5 % táirge le 2 % aigéid sáraicéitigh .i. 75 ml táirge/lítear). Ní mór na treoracha caolaithe idir lúibíní a athrú nuair ag úsáid táirge le tiúchan éagsúil aigéid sáraicéiteach (PAA). Caolú (%): 7,5 % Airí uainithe: 1-2 úsáid in aghaidh an lae.
Catagóir (nó catagóirí) úsáideoirí	tionsclaíoch; gairmiúil
Méideanna paca agus ábhar pacáistíochta	Buidéal/buicéad PEAD le caipín scriú PEAD: 5 lítear, 25 lítear, 30 lítear Druma PEAD le claibín PP: 200 lítear BCI PEAD le caipín scriú PEAD: 1 000 lítear

4.5.1. *Treoracha úsáidsonracha úsáide*

Féach ar threoirlínte ginearálta úsáide

4.5.2. *Bearta úsáidsonracha maolaithe riosca*

Féach ar threoirlínte ginearálta úsáide

4.5.3. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint*

Féach ar threoirlínte ginearálta úsáide

4.5.4. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, na treoracha chun an táirge agus a phacáistíú a dhiúscairt go sábháilte*

Féach ar threoirlínte ginearálta úsáide

4.5.5. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála*

Féach ar threoirlínte ginearálta úsáide

Caibidil 5. **TREORACHA GINEARÁLTA ÚSÁIDE MAIDIR LE MEITEA-SPC 1**

5.1. **Treoracha úsáide**

Timthriall díghalraithe (le haghaidh díghalraithe AMHÁIN):

- ní mór na dromchlaí atá le dhíghalrú a ghlanadh roimh an nós imeachta díghalraithe, ní mór an t-úsáideoir na leachtanna glanta as na dromchlaí go ndíghalrófar a ghlanadh, a shruthlú agus a thaoscadh go maith.
 - Ní mór na táirgí a chaolú in uisce inólta roimh úsáid.
- Braitheann ráta caolaithe agus am teagmhála ar an úsáid tomhaiste. Féach ar an gcur síos an mhodha úsáide a bhaineann le gach úsáid.
- Níosann imeachta díghalraithe le CIP:
 - Céim sruthlaithe dheireanaigh (le huisce inólta).

I ndiaidh an nóis imeachta díghalraithe, toascfar agus sruthlófar soithí CIP (píobobair agus umair) le huisce faoi thosca córais iata

— Nósanna imeachta díghalraithe trí thumadh:

— ní athúsáidfear an tuaslagán.

Úsáid é uair amháin in aghaidh an lae i ndiaidh táirgthe agus cuir tuaslagán nua go laethiúl in ionad an é

— Nósanna imeachta trí spraeáil :

— fliuch an dromchla go hiomlán

(ráta úsáide > 20 mL/m² ach uasráta 100 mL/m²) leis an dromchla fliuch a choimeád le linn an ama teagmhála riachtanaí

— Na húsáid trealamh go mbeidh an táirge ionsúite go hiomlán ag an dromchla nó go mbeidh an táirge triomaithe faoi aer go hiomlán.

5.2. Bearta maolaithe riosca

— Caith speaclaí cosanta cheimiceacha de réir EN 16321 nó speaclaí choibhéiseacha, éadaí cosanta frithsheasmhach in aghaidh ceimiceán ar an táirge bithicéadach agus lámhainní frithsheasmhach in aghaidh ceimiceán go rangáítear faoi Chaighdeán Eorpach EN 374 nó caighdeán coibhéiseach. Speaclaí, éadaí cosanta agus ábhar lámhainne (is fearr rubar búitile) atá le sonrú ag sealbhóir an údaraithe san fhaisnéis táirge. Beidh sé seo gan dochar do chur i bhfeidhm Threoir 98/24/EC ón gComhairle agus reachtaíocht Aontais eile sa limistéar sláinte agus sábháilteachta ag obair. Féach ar roinn 6 le haghaidh na dteideal iomlána na gcaighdeán agus na reachtaíochta EN.

— Úsáid le haeráil shásúil. Úsáid na rialtáin innealtóireachta le leibhéal aeriompartha a choimeád faoi riachtanais nó treoirlínte teorann neamhchosanta. Ba chóir leibhéil atmaisféarach a choimeád faoin treoirlíne neamhchosanta. Le haghaidh úsáide glanta agus spraeála, tá ráta aerála de 10 n-athrú air/uair an chloig ar a laghad riachtanaí sna seomraí mar a tharlaíonn an úsáid.

— Nuair atá consaint riospráide riachtanaí (i. nuair atá an tiúchan aigéid sáraicéitigh agus/nó H₂O₂ os cionn an tiúchan géarnochta (AEC) ionanálú faoi seach (0,5 mg/m³ agus 1.25 mg/m³ faoi seach)), úsáid análaitheoir íonaithe air nó análaitheoir brú-dhearfaigh air sólathartha ag brath ar an tiúchan aeriompartha féideartha.

— Ná húsáid trealamh/dromchlaí ná ceadaiigh ainmhithe/éanlaith chlóis a dul isteach go mbeidh an táirge ionsúite go hiomlán ag an dromchla nó go mbeidh an táirge triomaithe faoi aer go hiomlán

— Coimeád as aimsiú leanaí agus ainmhithe/peataí neamhspríoc.

— Ceadáitear a dul isteach sa cheantar cóireáilte arís nuair atá na leibhéil aigéid sáraicéitigh agus sárocsaíd hidrigine san aer faoin AEC ionanálú (0,5 mg/m³ le haghaidh aigéid sáraicéitigh & 1.25 mg/m³ le haghaidh H₂O₂ faoi seach)

— Ní cheadáitear daoine ar an láthair i gceantar cóireáilte le linn na céime úsáide.

5.3. Sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint

— MÁ SHLOGTAR É: Sruthlaigh do bhéal láithreach. Tabhair rud éigin a ól do dhuine neamhchosanta, más féidir leis a sloghadh. Ná spreag urlacan. Glaoigh ar 112/otharcharr le haghaidh cuidithe leighis.

— MÁ TÁ SÉ AR CHRAICEANN: Nigh craiceann láithreach le neart uisce. Bain d'éadaí éillithe go léir agus nigh iad roimh athúsáid. Lean ar aghaidh an craiceann a ní le uisce ar feadh 15 nóiméad. I ndiaidh ag ní an craiceann: Glaoigh ar 112/otharcharr le haghaidh cuidithe leighis.

— Faisnéis don Phearsanra cúraim sláinte/dhochtúir: Tosaigh céimeanna tacaíochta bheatha, ina dhiaidh sin glaoigh ar IONAD NIMHE

— MÁ TÁ SÉ I SÚILE: Sruthlaigh iad láithreach le uisce ar feadh roinnt nóiméad. Bain lionsaí tadhaill, má tá siad i láthair agus éasca a bhaint. Lean ar aghaidh a sruthlú ar feadh 15 nóiméad ar a laghad. Glaoigh ar 112/otharcharr le haghaidh cuidithe leighis.

- Faisnéis don Phearsanra cúraim sláinte/dhochtúir: Ba chóir na súile a sruthlú arís agus arís eile ar an mbealach chuig an dochtúir má fhágtar súil gan chosiant ar cheimiceáin alcaileacha (pH > 11), amíní agus aigéid mar aigéad aicéiteach, aigéad fomach nó aigéad próipianach.
- MÁ ANÁLAÍTEAR É: Bog go aer úr agus sos a thógáil i suíomh compordach le haghaidh análaithe. Glaoigh láithreach ar 112/otharcharr le haghaidh cuidithe leighis.
- Faisnéis don Phearsanra cúraim sláinte/dhochtúir: Tosaigh láithreach céimeanna tacaíochta bheatha, ina dhiaidh sin glaoigh ar IONAD NIMHE
- Má tá comharthaí agat: Glaoigh ar 112/otharcharr le haghaidh cuidithe leighis.
- Mura bhfuil comharthaí agat: Glaoigh ar IONAD NIMHE nó ar dhochtúir.
- Faisnéis don Phearsanra cúraim sláinte/dhochtúir: Tosaigh céimeanna tacaíochta bheatha, más is gá, ina dhiaidh sin glaoigh ar IONAD NIMHE

5.4. Treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte

- Ba chóir caitheamh leis an táirge bithicídeach mar dhramhaíl chontúirteach de réir Treoir 2008/98/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle nuair a dhéantar é a dhiúscairt ina bhail neamhúsáidte agus neamhéilítthe. Ní mór aon chleactais diúscairthe i gcomhlíonadh na dlíthe náisiúnta agus cúige agus aon dlíthe bhargasacha nó fodhlíthe áitiúla go rialaíonn dramhaíl chontúirteach. Ná dumpáil in aon shéaraigh, ar an talamh, ná in aon réimse uisce. Seachain scaoileadh isteach sa chomhshaol. Tá loscadh ag teocht ard cleachtas sásúil.
- Ní iad coimeádáin is féidir a athlíonadh. Ná athúsáid ná athlín na coimeádáin. Ba chóir coimeádáin a shruthlú triarach nó brú le uisce láithreach i ndiaidh folmhaítear iad. Ansin, is féidir leo a thairiscint le haghaidh athchúrsála nó athchóirithe le haghaidh táirgí bithicídeacha, nó is féidir leo a bheith pollta nó spreagtha i láithreán líonadh talún sláintíochta nó trí nósanna imeachta eile atá ceadaithe le húdaráis náisiúnta agus áitiúla. Cuir dramhleacht den shruthlú de choimeádáin úsáidte chuig saoráid láimhseála dhramhaíola ceadaithe.

5.5. Coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála

- Stóráil idir 0 °C agus 30 °C.
- Stóráil i dtosca dorcha.
- Coimeád in áit aeráilte go maith. Coinnigh an táirge seo sa choimeádán bunaidh nuair nach bhfuil sé in úsáid. Ní mór an coimeádán a stóráil, agus a iompar ina sheasamh nach ndoirtfear a bhfuil ann tríd an bpoll, más ann.
- Ná stóráil i agus seachain teagmháil le halúmanam, cruach charbóin, copar, cruach bhog, iarann.
- Seachain teagmháil le haimíní, hamóinia, haigéid láidre, bunanna láidre, hocsáideoirí láidre.
- Seilfré : Meta-SPC 1 (2% aigéid sáraicéitigh): 6 mhí.

Caibidil 6. FAISNÉIS EILE

Maidir le nóta 'Catagóir(í) úsáideora':

Ciallaíonn gairmithe (lena n-áirítear úsáideoirí tionsclaíocha) gairmithe óilte má tá sé seo riachtanach de réir reachtaíochta náisiúnta.

Tagraítear teidil iomlána caighdeáin agus reachtaíochta EN i roinn 5.2:

EN 16321 – Cosaint súile agus aghaidhe d'úsáideoirí gairme – Cuid 1: ceanglais ginearálta

EN 374 – Lámhainní cosanta in aghaidh ceimiceán agus miocrorgánach contúirteach. Cuid 1: téarmaí agus ceanglais feidhmíochta le haghaidh rioscaí ceimiceacha.

Treoir 2008/98/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Samhain 2008 maidir le dramhaíl agus lena n-aisghairtear Treoracha áirithe (OJ L 312, 22.11.2008, lch. 3).

Treoir 98/24/CE ón gComhairle an 7 Aibreán 1998 maidir le sláinte agus sábháilteacht oibrithe a chosaint ó phriacail a bhaineann le hoibreán ceimiceach ar an láthair obair (an ceathú Treoir déag aonair de réir bhrí Airteagal 16(1) de Threoir 89/391/CEE) (OJ L 131, 5.5.1998, lch. 11).

Caibidil 7. AN TRÍÚ LEIBHÉAL FAISNÉISE: TÁIRGÍ AONAIR I MEITEA-SPC 1

7.1. Trádainm (nó trádainmneacha), uimhir údaraithe agus comhdhéanamh sonracha gach táirge aonair

Trádainm/trádainmneacha	PEROX FOAM	Réimse margaidh: AE			
	PERAFOAM	Réimse margaidh: AE			
	TM FOAM PERACID	Réimse margaidh: AE			
	FOAM PERACID	Réimse margaidh: AE			
Uimhir an údaraithe		EU-0029721-0001 1-1			
Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir CE	Cion (%)
Aigéad sáraicéiteach		substaint ghníomhach	79-21-0	201-186-8	2
sárocsaíd hidrigine	Hydrogen Peroxide	Substaint neamhghníomhach	7722-84-1	231-765-0	9,105
Aigéad aicéiteach	Acetic Acid	Substaint neamhghníomhach	64-19-7	200-580-7	14,421
HEDP	etidronic acid	Substaint neamhghníomhach	2809-21-4	220-552-8	0,99

Caibidil 1. MEITEA-SPC 2 FAISNÉIS RIARACHÁIN

1.1. MEITEA-SPC 2 aitheantóir

Aitheantóir	Meta SPC: Peracetic Acid 5 %
-------------	------------------------------

